**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0300/2021**

31.5.2021

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Airteagal 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le Misean Crosóige Mara 2030: Ár nAigéin agus ár nUiscí a athbhunú

**Cláudia Monteiro de Aguiar**



*Aontaithe san éagsúlacht*

**B9-0300/2021**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le Misean Crosóige Mara 2030: Ár nAigéin agus ár nUiscí a athbhunú**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún 'Misean Crosóige Mara 2030' ó Mheán Fómhair 2020,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ó mhí na Nollag 2019,

– ag féachaint don chur chuige nua maidir le geilleagar gorm inbhuanaithe san Aontas Eorpach a thíolaic an Coimisiún i mí na Bealtaine 2021,

A. de bhrí gur sna haigéin atá 97 % den uisce atá ann cheana agus 80 % de gach cineál beatha;

B. á mheabhrú go bhfuil an t-aigéan freagrach as leath na hocsaigine a análaímid a astú, go n-áirithíonn sé cuid shuntasach den bhia a itheann daoine agus gur acmhainn thábhachtach eacnamaíoch é, trasna roinnt tionscal éagsúil;

1. ag tathant ar an gCoimisiún, mar ábhar práinne, beartais chaomhnaithe aigéin a chur i bhfeidhm d'fhonn an cuspóir maidir le truailliú nialasach a bhaint amach faoi 2030;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún cuspóirí Mhisean Crosóige Mara 2030 bunaithe ar a chúig cholún a chur chun feidhme, á iarraidh ar na Ballstáit iad a chur i bhfeidhm;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún, agus cuspóirí an mhisin seo á gcur chun feidhme aige, ról a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, do na Ballstáit agus do na réigiúin;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún scéimeanna píolótacha a chruthú sna réigiúin is forimeallaí i réimse eolas agus rialachas na n-aigéan;